

Toirmeasc: meánlae, 22 Aibreán 2015

Preasráiteas

Meitheal Dúchas.ie agus ábhar béaloidis as dhá chontae nua (Ciarraí agus Cill Dara) seolta ag an Aire

Baile Átha Cliath, 22 Aibreán 2015

Tá Meitheal Dúchas.ie agus ábhar béaloidis as dhá chontae nua seolta go hoifigiúil ag Joe McHugh TD, Aire Stáit, An Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta, ag ócáid a tionóladh in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU) inniu. Is toradh é Dúchas.ie ar chomhpháirtíocht idir Cnuasach Bhéaloideas Éireann (UCD) agus Fiontar (DCU).

Tá tuairim is 160,000 leathanach de bhéaloideas agus de stair áitiúil lámhscríofa ar fáil ar Dúchas.ie, ábhar as Baile Átha Cliath, Maigh Eo, Dún na nGall, Port Láirge, Gaillimh, Liatroim agus anois Ciarraí agus Cill Dara. Is as Bailiúchán na Scol, cnuasach mór béaloidis a bhailigh daltaí bunscoile sna 1930idí, an t-ábhar seo. Tá deis anois ag baill den phobal, tríd an Meitheal, ábhar Gaeilge as an mBailiúchán sin a thras-scríobh.

Agus é ag seoladh an ábhair, dúirt an t-Aire: "Tá lúcháir orm Meitheal Dúchas.ie a sheoladh inniu. Is togra suntasach nuálach é seo a chuireann ar chumas úsáideoirí Dúchas.ie dul i ngleic le hábhar Gaeilge Bhailiúchán na Scol ar mhodh úrnua trí na scéalta béaloidis a thras-scríobh. Cuirfidh na téacsanna tras-scríofa go mór leis na hacmhainní cuardaigh ar an suíomh mar ligfidh siad don úsáideoir na scéalta a chuardach go mion.

"Tá mé an-sásta freisin, ábhar Chiarraí agus Chill Dara a sheoladh, an dá chontae is deireanaí atá digitithe agus innéacsaithe ag foireann Dúchas. Is dhá chontae iad a bhfuil traidisiún saibhir béaloidis acu agus tá a chruthúnas sin sa taisce seo as Bailiúchán na Scol. Cuirfidh foilsíú ábhar Chiarraí, go háirithe, go mór le líon na scéalta Gaeilge atá ar Dúchas.ie agus is féidir leo siúd a bhfuil suim acu san ábhar Gaeilge sin triail a bhaint as an tras-scríobh ach clárú le Meitheal Dúchas.ie."

Tá 31,125 leathanach as Ciarraí agus 3,383 leathanach as Cill Dara ar fáil anois.

Tá spéis an phobail i dtionscadal Dúchas.ie (www.duchas.ie) ag fás go leanúnach de réir mar a chuirtear tuilleadh contaetha leis an suíomh. Go dáta, bhí breis is 1.85 milliún amas ar Dúchas.ie agus tugadh 110,186 cuairt ar an suíomh gréasáin ó seoladh é.

Tá an tionscadal á chómhaoiniú ag UCD agus ag an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta le tacaíocht ón gCrannchur Náisiúnta.

CRÍOCH

Chun tuilleadh eolais a fháil, déan teagmháil le Clare Coughlan (clare.coughlan@dcu.ie, (01) 700 6577).

Toirmeasc: meánlae, 22 Aibreán 2015

Nótaí d'eagarthóirí:

Dúchas.ie

Is toradh é Dúchas.ie ar chomhpháirtíocht a cuireadh ar bun in 2012 idir Cnuasach Bhéaloideas Éireann i UCD; Fiontar, aonad teagaisc agus taighde trí mheán na Gaeilge in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU); agus an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta. Tá ról ag Taisclann Dhigiteach na hÉireann (DRI) mar chomhairleoir do Dúchas.ie maidir le caighdeán agus idir-inoibritheacht i gcartlannú digiteach. Tá an tionscadal reatha, a mhairfidh go deireadh 2016, á chómhaoiniú ag UCD agus ag an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta le tacaíocht ón gCrannchur Náisiúnta.

Is iad cuspóirí na comhpháirtíochta 1) ábhar as Cnuasach Bhéaloideas Éireann a dhigitiú, 2) rochtain an phobail ar an ábhar sin a éascú agus 3) córas bainistithe sonraí a chruthú don Chnuasach ar féidir ábhar eile a chur leis amach anseo.

Is áis é Dúchas.ie dóibh siúd a chuireann suim sa stair áitiúil, sa tseandálaíocht, i gcúrsaí ginealais, sa teangeolaíocht agus i réimsí taighde eile. Is féidir teacht ar ábhar a bhaineann le seanchas, slíte beatha, nósanna, paidreacha agus stair áitiúil, i measc rudaí eile. Is féidir an bailiúchán a chuardach faoi láthair de réir áiteanna agus de réir daoine; seolfar cuardach de réir topaicí amach anseo. Tá cnuasach sloinnte Éireannacha ar fáil ar an suíomh chomh maith.

Meitheal Dúchas.ie

Táthar ag glacadh céim mhór chun tosaigh ar thionscadal Dúchas.ie agus cuireadh á thabhairt don phobal tras-scríobh a dhéanamh, ar bhonn deonach, ar scéalta agus ar ábhar a bailíodh sa Ghaeltacht (nó i nGaeilge) ag <http://www.duchas.ie/ga/meitheal/>. Beidh sé de thoradh air seo go bhféadfar téacs na scéalta tras-scríofa a chuardach ina iomláine seachas na leathanaigh a fheiceáil mar íomhánna amháin.

Beidh rannpháirtithe in ann saothar a chéile a fheiceáil agus a fheabhsú, más cuí, agus beidh deiseanna ann gnéithe den obair a phlé ar na meáin shóisialta. Is ag brath ar dhea-thoil agus ar fhlaithiúlacht an phobail a bhí Coimisiún Béaloideas Éireann nuair a bhí Bailiúchán na Scol agus bailiúcháin eile dá chuid á dtiomsú. Cloíonn Meitheal Dúchas.ie leis an traidisiún sin.

Is deis iontach atá anseo léargas a fháil ar an nGaeilge mar a bhí sí sna 1930idí chomh maith le cleachtadh maith praiticiúil a fháil ar chur chuige an tsluafoinsithe – cur chuige aitheanta agus nuálach a chabhraíonn go mór le lucht na ndaonnachtaí digiteacha ábhar cartlainne a chur ar fáil don phobal i riocht digiteach taobh istigh de thréimhse ghairid. Ní theastaíonn ardscoiléanna ríomhaireachta ná teanga, ná go deimhin an t-uafás ama chun an tras-scríobh a dhéanamh. Táthar ag lorg pictiúr de na scoileanna (mar a bhí agus mar atá) agus de na daltaí féin chomh maith. Tá tacaíocht ar fáil do mhúinteoirí agus do léachtóirí a bhfuil spéis acu agus ag a gcuid daltaí nó mac léinn páirt a ghlacadh sa tionscadal seo agus seolfar paca póstaí agus bróisiúir amach chucu. Tá ábhar tionscadail ranga nó ábhar teagaisc/staidéir den scoth anseo.

Toirmeasc: meánlae, 22 Aibreán 2015

Ó cuireadh an Mheitheal ar fáil go trialach i mí Feabhra, tá 560 leathanch tras-scríofa ag breis agus 50 ball cláraithe.

Cnuasach Bhéaloideas Éireann agus Bailiúchán Lámhscríbhinní na Scol (1937-38)

Tá ceann de na cnuasaigh is mó ar domhan d'ábhar eitneolaíochta agus béil i gCnuasach Bhéaloideas Éireann i UCD. Tá ábhar nua á chur leis an gCnuasach i gcónaí, lena n-áirítear grianghraif, ábhar fuaime agus físe, leabhair agus cáipéisí.

I 1937, chuir Coimisiún Béaloideas Éireann, i gcomhar leis an Roinn Oideachais agus Cumann Múinteoirí Éireann, tús le scéim réabhlóideach inar spreagadh leanaí scoile le béaloideas agus stair áitiúil a bhailiú agus a thaifeadadh. Thar thréimhse ocht mí dhéag, spreagadh tuairim is 50,000 leanaí i 5,000 bunscoil sna sé chontae is fiche ábhar béaloidis a bhailiú ina gceantar dúiche.

Áiríodh ar na hábhair ar iarraidh ar na leanaí taighde agus scríbhneoireacht a dhéanamh orthu stair áitiúil agus séadchomharthaí áitiúla, seanscéalta agus finscéalta, tomhais agus seanfhocail, amhráin, nósanna agus creidiúintí, cluichí agus caithimh aimsire, cleachtais oibre agus ceardaíochta traidisiúnta, etc. Bhailigh na leanaí an t-ábhar go príomha óna dtuismitheoirí agus óna seantuismitheoirí agus ó sheandaoine eile sa phobal áitiúil nó i gceantar na scoile.

Bailiúchán Lámhscríbhinní na Scol a thugtar anois ar an scéim, a raibh mar thoradh uirthi níos mó ná leathmhiliún leathanach lámhscríbhinne d'ábhar atá mar chuid de Chnuasach Bhéaloideas Éireann anois.

Fiontar, DCU

Scoil is ea Fiontar i nDámh na nDaonnachtaí agus na nEolaíochtaí Sóisialta, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath ina ndéantar teagasc agus taighde idirdhisciplíneach trí mheán na Gaeilge. Tá forbairt agus bainistiú na n-acmhainní [téarma.ie](http://tearma.ie), logainm.ie, ainm.ie, gaois.ie agus duchas.ie faoi chúram Fiontar, mar aon le tionscadail eile i réimse na teicneolaíochta teanga agus na ndaonnachtaí digiteacha.

Ábhar as Ciarraí

Is doiligh a cheart a thabhairt d'ábhar Chiarraí as Bailiúchán na Scol san alt gairid seo ach déanfar iarracht seoda deasa de bhéaloideas an chontae a chur ar a shúile don léitheoir. Ó thaobh an ábhair Gaeilge de, tá saibhreas as cuimse le fáil san ábhar a bailíodh sna príomhcheantair Ghaeltachta, Corca Dhuibhne (imleabhair 418-32) agus Uíbh Ráthach (imleabhair 472-9). Cuirfear spéis sa chnuasach mór a bailíodh ar an mBlascaod Mór idir scéalta¹ agus [amhráin](http://amhrain)² go háirithe, a thabhaigh cáil don oileán.

Tá clú ar an gcontae mar gheall ar an bpeil agus ní haon ionadh go bhfuil neart scéalta ar an ábhar sin, cuir i gcás, an cur síos breá seo ar an bprapáil le haghaidh [cluiche idir Tairbeart agus](#)

¹ <http://www.duchas.ie/ga/cbes/4678382>

² <http://www.duchas.ie/ga/cbes/4678384>

Toirmeasc: meánlae, 22 Aibreán 2015

[an Gleann](#)³ nó tá cur síos [anseo](#)⁴ ar imeachtaí an chluiche idir Dún Chaoin agus Fionntrá. I dtuaisceart an chontae tá luí ar leith acu don chamán agus don sliotar agus is féidir léamh [anseo](#)⁵ faoin bhua a bhí ag Ciarraí, nó muintir an Bhaile Dhuibh, ar Loch Garman i gCluiche Ceannais Iomána na hÉireann sa bhliain 1891 agus [an t-amhrán](#)⁶ a cumadh fúthu.

Ó thaobh na litríochta de, is léir go raibh páirt lárnach ag na filí i mbéaloideas agus i gcultúr an chontae. Tá roinnt mhaith scéalta as Corca Dhuibhne faoi Phiaras Feiritéar; níl [anseo](#)⁷ ach scéal amháin ón mBlascaod Mór faoina chleamhnas. Tá roinnt scéalta ann faoi Aogán Ó Rathaille, scéal amháin [anseo](#),⁸ mar shampla, faoin deaschaint a bhí aige le sagart nó an [scéal seo](#)⁹ faoin rann a chum sé nuair nach bhfuair a sháith le hithe i dteach agus é ar fánaíocht. Dá mba dheisbhéalach an Rathailleach, bhí iomrá ar Eoghan Rua Ó Súilleabháin mar gheall ar a chuid aisfhreagraí féin, go háirithe cinn a thugadh sé do na sagairt arís, cosúil leis an scéal [seo](#)¹⁰ nó an ceann cáiliúil [seo](#)¹¹ agus sagart á iompar trasna abhann ar a dhroim aige.

Ciarraíoch eile a bhain clú agus cáil idirnáisiúnta amach ba ea Dónall Ó Conaill agus tá neart scéalta faoi féin, ina measc an scéal [seo](#)¹² faoin dóigh ar tháinig sé slán nuair a cuireadh nimh ina chupán i Sasana. Is féidir léamh [anseo](#)¹³ faoi ‘Lá na Sifín’, nuair a chuir Ó Conaill fainic ar mhuintir na hÉireann ar fad taobh istigh de aon lá amháin, san am nach raibh bealaí cumarsáide ná taistil rófhobartha.

I measc na scéalta eile is féidir léamh faoi áiteanna rúndiamhracha, mar [Chathair Crohb Dearg](#)¹⁴ nó ‘An Chathair’, agus an turas a dhéantar ag an tobar i mí na Bealtaine. I mí Lúnasa bíonn imeacht mór eile i gCill Orglan nuair a dhéantar ceiliúradh ag Aonach an Phoic: tá scéal [anseo](#)¹⁵ faoi bhunús an aonaigh gur chuir poc fainic ar mhuintir an bhaile agus Cromail ag teacht. Cé go bhfuil Máirt na hInide thart, tá roinnt scéalta faoi na [liostaí Sceilge](#)¹⁶ agus amhráin mhagúla a chumtaí faoi dhaoine nár phós i rith na hInide! Ní bheadh cnuasach scéalta i bhfoirm chríochnaithe gan scéalta faoi thaibhsí agus phéisteanna, agus is scéal maith é [seo](#)¹⁷ faoin phéist áirithe seo, ‘an Carabuncail’, a chonaíonn sa Loch Geal gar don Chlochán i gCorca Dhuibhne.

³ <http://www.duchas.ie/ga/cbes/4666590/4664504/4667739>

⁴ <http://www.duchas.ie/ga/cbes/4678394/4676117/4683667>

⁵ <http://www.duchas.ie/ga/cbes/4666610/4666553/4683244>

⁶ <http://www.duchas.ie/ga/cbes/4666610/4666478>

⁷ <http://www.duchas.ie/ga/cbes/4678382/4674105/4682388>

⁸ <http://www.duchas.ie/en/cbes/4742115/4737361/4937274>

⁹ <http://www.duchas.ie/ga/cbes/4713246/4711163/4743938>

¹⁰ <http://www.duchas.ie/ga/cbes/4713252/4711662/4743407>

¹¹ <http://www.duchas.ie/ga/cbes/4742132/4738765/4786732>

¹² <http://www.duchas.ie/ga/cbes/4742137/4739691/4744431>

¹³ <http://www.duchas.ie/ga/cbes/4742128/4738406>

¹⁴ <http://www.duchas.ie/ga/cbes/4713238/4710191>,

<http://www.duchas.ie/ga/cbes/4713234/4709890/4727463>

¹⁵ <http://www.duchas.ie/ga/cbes/4687714/4686550/4690026>.

¹⁶ <http://www.duchas.ie/ga/cbes/4713223/4709033/4813793>

¹⁷ <http://www.duchas.ie/ga/cbes/4687696/4684836>

Ábhar as Cill Dara

Tá dlúthbhaint ag Co. Chill Dara le Naomh Bríd agus is as an láthair eaglasta a bhí aici a ainmníodh an baile agus an contae, agus tá a rian fágtha ag Naomh Bríd ar ábhar Chill Dara i mBailiúchán na Scol chomh maith. Tá míniú ar an mbunús atá ag Baile Chill Dara, agus an bhaint a bhí ag Naomh Bríd leis sin le fáil [anseo](#)¹⁸ sa bhailiúchán ó Chlochar na Toirbhirte sa bhaile úd. Anuas air sin, is féidir léamh faoin [chleas](#)¹⁹ a d'imir sí ar Rí Laighean a chur tús le féarthalamh an Churraigh sa bhailiúchán céanna.

Déantar Lá Fhéile Bríde a cheiliúradh ar an 1 Feabhra gach bliain, agus bíonn crosa Bríde á ndéanamh timpeall an chontae thart ar an am sin sa lá atá inniu ann fós. Tugann an scéal [seo](#)²⁰ ó Ráth lomgháin léargas ar na nósanna a bhain leis an bhFéile sin fadó.

Duine is ea an dornálaí ón 19ú haois, Dan Donnelly, atá fós in aigne mhuintir Chill Dara (fiú gurbh as Baile Átha Cliath dó) toisc go gcaomhnaítear a shloinne sa logainm Log Uí Dhonnaíle. Tá rian coiscéimeanna le feiceáil san áit sin fós, agus deirtear gurbh iad sin na coiscéimeanna a thug Donnelly é féin agus é ar an mbealach go dtí an fainne dornálaíochta don troid cháiliúil a bhí aige ann in aghaidh Cooper. Tugann beirt dhalta ó scoil na mBráithre Críostaí sa Nás tuairiscí ar an eachtra sin [anseo](#)²¹ agus [anseo](#)²².

Tá ról lárnach ag an bportach sa saol i gcuid mhaith d'iarthar an chontae, ach tugann an scéal [seo](#)²³ faoi scoil na Sceithrí le fios gur úsáideadh móin fiú mar ábhar tógála sa cheantar sin. Chomh maith leis sin, is léir ón scéal [seo](#)²⁴ faoi bhróg ársa a aimsíodh in aice le Cairbre, nach í an mhóin an t-aon rud a bhaintear den phortach.

Is é Éirí Amach 1798 ceann de na himeachtaí stairiúla is mó a raibh baint ag Contae Chill Dara leis agus tá roinnt scéalta suimiúla i mBailiúchán na Scol i ngeall ar na heachtraí a thit amach sa chontae lena linn. Is féidir léamh faoi [Chath Ráth lomgháin](#)²⁵, agus faoi John Doorley, ceannaire na reibiliúnaithe sa bhaile sin, agus faoin eachtra mhíchlúiteach a tharla ag an [Gibbet Rath](#)²⁶.

Is i mBéarla a scríobhadh formhór d'ábhar Chill Dara i mBailiúchán na Scol, ar ndóigh, ach faightear roinnt liostaí de leaganacha Gaeilge a bhí fós in úsáid sa Bhéarla thart ar an am sin,

¹⁸ www.ucd.ie/irishfolklore/ga/

¹⁹ <http://duchas.ie/ga/cbes/4769963/4763078>

²⁰ <http://duchas.ie/ga/cbes/4769960/4762880>

²¹ <http://duchas.ie/ga/cbes/4769952/4762470>

²² <http://duchas.ie/ga/cbes/4769952/4762478>

²³ <http://duchas.ie/ga/cbes/4769976/4763702>

²⁴ <http://duchas.ie/ga/cbes/4769977/4763746>

²⁵ <http://duchas.ie/ga/cbes/4769961/4762949>

²⁶ <http://duchas.ie/ga/cbes/4769963/4763076>

Toirmeasc: meánlae, 22 Aibreán 2015

agus is samplaí maithe den ábhar úd na liostaí seo ó [Bhaile an Mhuilinn](#)²⁷ agus ón [Bhaile Mór](#)²⁸. Tá roinnt liostaí logainmneacha sa bhailiúchán chomh maith, ach seasann an ceann [seo](#)²⁹ faoi logainmneacha neamhoifigiúla i gCrochta na Gréine amach: liosta fada cuimsitheach atá ann agus léaráidí slachtmhara ag gabháil leis.

²⁷ <http://duchas.ie/ga/cbes/4769949/4762216>

²⁸ <http://duchas.ie/ga/cbes/4769955/4762664>

²⁹ <http://duchas.ie/ga/cbes/4769958/4762696>